Truagh t’fhágbháil, a Inis Chuinn

[Cuthbert Mhág Craith: ‘Brian Mac Giolla Phádraig’, *Celtica* 4, 103-204: 115-120]

Brian Mhac Toirrdhealbhaigh Mheic Giollaphádruig cc.

1 Truagh t’f*h*ágbháil, a Inis Chuind,
a adhbha na n-eas n-áluind,
a thrillseach iasgach, éunach,
riasgach, innesach, oiléunach.

2 Fúigfe misi -’s is leasg liom -
th’amharc-sa, a Iath Éirionn;
guais dúinn gur[a]b adhaint uilc
do mh[alairt, a úir ordhair]c.

3 Ní hannsa dh’éinchrích oile,
ní d’f*h*uath ort acht d’ionmhoine,
tug ar mh’óidh t*r*iall ód tuinn-si,
a fh[ial an tshlóigh] sheughuinn-si.

4 Ní fhúigfinn tú, a threabh na Niall
d’fhonn aoibhneasa nó ainmian,
a chríoch ghargumhal Ghabhra,
acht d’ardughadh mh’ealadhna.

5 Ar Dhia uile aghus ort féin,
fhágbhuim sibh, a ráith ríNéill,
’s i ndóigh th’f*h*aigsiona fa ágh,
a róimh taisgiodha tromdhámh.

6 Saoth leamsa-lór do dhoghra -
fágb*h*áil t’f*h*uinn is t’athordha,
do g*hrá*dh ceard gcaomhnuaidhe ngeal,
a learg thaobhuaine Thailltean.

7 Cá tr*u*aighe, cá tr*u*ime ceas
- dá measdaoi a mhéd do dhoilgheas -
a chríoch eoil na n-amharc sean,
gan radharc th’f*h*eoir ná h’inb*hear*?

8 Truagh fós, gan faicsin t’f*h*iodhbh*adh*
liom, ar los mo cheiliobhradh,
a t*h*reabh na nduas roinntear rom -
ná cnuas do choillteadh gcnódhonn.

9 Giodh é fós, is fáth maoithe
gan clos fhoinn na hardghaoithe,

théid siar tar chéidibh do chnoc,
a fhiadh nach éidigh iomlot.

10 Bheith dá n-éis is dam*h*na deoir -
binneas t’éun, aoibhneas t’aeoir,
gáir do shealg, congháir do chon,
is comhdháil do learg líonmhar.

11 A Thír Bhreagh ’nar buan finfhéur,
gan graifne ar ng*r*eagh n-inginghér
ná súil oruibhsi i n-am áigh -
is[barr doghailse is diombáigh].

12 Dá n-áirmhinn t’áineas uile,
créd é a*cht* adhbhar eolchuire?
do b’fhearr dhúinn gan iomrádh ort,
a úir danb io[mlán mh’annsa*cht*].

13 Acht so amháin maoidhfe misi
mo g*hrá*dh dhod dhroing dhílis-[s]i,
a t*hr*eabh tholach do chlea*cht* coim:
mo shearc d’f*h*olach [ní fhéadaim].

14 Ní tú, a chríoch, chaoinim uile
acht do mhná ’s do mhacraidhe,
d*r*eam fa haoibhne aigneadh roinn -
caoi*m*hdhe a gcaidreabh ’s a gcumo[inn].

15 A Inis Bhreagh na mbeann mbog,
mór gcompán fhágbhaim ionnod,
d*r*ong nach fallsa cló ná coir,
’gar m[h]ó mh’annsa iná agoibh?

16 An treabh ar dtús ó dtá sinn -
sgoith mh’annsa dhóibh do dhlighfinn;
an fhuil ós tós dá gach toil:
ag soin a[n] nós analloin.

17 D’éis na fola, dlighthear dhíom
mo chompáin is mh’aos imshníomh,
ós siad go bráth nach bearar,
iad tar chách do c*h*ui*m*hneaghadh.

18 A n-anmanna dh’áireamh linn
is iomdha cairt do chaithfinn
- ar n-aos eoil nar mheath a modh -
’s gan l*eat*h a sgeoil do sgríobhodh.

19 Gidh eadh, ós éigean damhsa,

ar aoi a n-annsa oramsa
- díorma sliombhán nach beag barr -
bead ag iomrádh a n-anmann.

20 Deaghmhac Fínghin fuair mo thoil
is t*r*éunm*ha*c Taidhg 'na dheaghoidh,
sgaoi is naoimhfhéile ann dá bhfuil
do c*hrann* saoirf*hr*éimhe Séufr*aid*h.

21 Fágbhaim acu, ós uras rinn,
an chuid eile nach áirmhim,
beanna*cht* diamhair, do dhroim g*hrá*idh,
gan roinn, do sgiamhfhuil Sgannláin.

22  Beannacht uaim fós dá bhféughain
- ó táid don treibh Bhuilltéuraigh
cneis aolnuaidhe is aobhghlan di -
saorchuaine gaolm*har* Gr*á*in*n*i.

23  Fágbhaim fós beanna*cht* bhunaidh
ag síol gcródha gConchubhair,
fine neamhfhuar gá dtú i dtoil;
deaghbhuan a gclú's a gcédfoidh.

25 Ag síol M'leachlainn mhóir Mhidhe
's ag síol bhFearghail d'áiridhe,
drong neambocht is uaisle dh'f*h*uil -
beanno*cht* uaimsi dá bhféachuin.

26 Síol nGeochagáin na ngníomh n-áigh
is síol nDíomsaigh, d*r*ong dheaghnáir,
cuaine data na ndámh ndil,
mo shlán aca dhar-íribh.

27 Ag Gearaltaibh na dtreas dte,
mo bheanna*cht* do chao[in] chroidhe;
ar lu*cht* annsa na ngníomh ng*r*od;
damhsa ní díor a ndearmod.

28 Grásaigh is Gearaltaigh thiar -
mo bheanna*cht* acu ar aoinrian;
ní dual gan iomrádh ortha -
an sluagh iomnár athordha.

29 Mo bheannacht dóibh tar gach nd*r*eim -
Caomhánaigh na n-éucht n-inghill;
's ní cheileabh, monuar! anois,
gur dual deireadh don díog*h*rois.

30 Fágbhuim-si fós, leath ar leath,
beanna*cht* uaim ag gach aoinneach
- d*r*ong bhéilbhinn an chruidh nach cruaidh -
dá bhfuil i nÉirinn armruaidh.

31 Taobh astoigh dá gach nduine
- ní b*h*í aon gan ionmhuine -
atáid linn seisi mar sain
dar chinn m[e]isi mo mheanmain.

32 An t-ord crábhaidh do char sinn
slán ar dtús dóibh do dhlighfinn;
lucht comhlá[in] na ndlightheadh ndil;
dlighthear co*m*báidh re cáirdibh.

33 Fágbhaim acu ceann i gceann -
leagha is ollamhain Éireann,
sgaoi neamhdho*cht* nach cruaidh re ceart;
mo bheanna*cht* uaim re n-imthea*cht*.

34 Aos dána na ng*r*éas ngreanta
’s a[n] lu*cht* seanchadh suaitheanta,
d*r*eam nár na n-inntlea*cht* bhfosaidh -
slán re n-imthea*cht* acosain.

35 Mo bheana*cht* dóibh do dh*r*uim iuil -
aos ceoil na gcuislionn gciniuil,
d*r*ong gan chiaigh ar a gc*r*oidhe,
far iaidh mh’f*h*onn is mh’ionmhoine.

36 Mo shlán acu tar éis cháigh -
mo lu*cht* c*r*oidhe, mo chompáin
-’s ní fairsing táire na dt*r*éud -
Ma*ir*sill, Máire, agus Mairghréug.

37 Dlighim dhóibh do dhruim ghrádha
beannacht c*r*oidhe compánta
ag sin cairt súla ar seanróimh
Airt, Úna agus Ailgheanóir.

38 Mo shlán dóibh d’éis an uile,
ós siad earr na hionmhuine,
dream thioghnáir rom bhir i mbroid,
do Shiobháin dil ’s do Dhiarmuid.

39 Ce bé hé ler b*h*’annsa sinn -
slán t*r*e thoil fa n-a tuairim,
más é a leas a luadh go g*r*od:
bheas nocha dual a dearmod.

40 Ag so chugad, a Chríoch Bhreagh,
tós ós dual díbh is deireadh,
a ráith neambo*cht* ler dhial druadh,
beanno*cht* ó Bhrian go biothtruagh.

T*R*UAGH 7 ROT*HR*UAGH FÓS